C/2024/5349

2.9.2024

Foilsiú iarratais ar fhormheas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge le haghaidh ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint in earnáil an fhíona de bhun Airteagal 97(3) i gcomhar le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2024/5349)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air nó uirthi i dtríú tír freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

IARRATAS AR LEASÚ AR LEIBHÉAL AN AONTAIS AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE

'Süd-Oststeiermark'

PDO-AT-A0226-AM01

Dáta an iarratais: 21.2.2020

1. Iarratasóir agus leas dlisteanach

Coiste Réigiúnach um Fhíon Styria

Is é Coiste Réigiúnach um Fhíon Styria a leagann síos na coinníollacha chun fíonta DAC a tháirgeadh in Styria.

2. Ceannteideal sa tsonraíocht táirge dá ndéanann an leasú (nó na leasuithe) difear

☒ Ainm an táirge

☐ Catagóir an táirge fíniúna

☐ Nasc

☐ Srianta margaíochta

3. Tuairisc ar an leasú agus cúiseanna atá leis

3.1. *Athrú an ainm ó 'Süd-Oststeiermark' ATFC go 'Vulkanland Steiermark' ATFC*

Is é is cuspóir don ainm a athrú ó 'Süd-OstSteiermark' go 'Vulkanland Steiermark' bunáitíocht na bhfíonta a chur in iúl ar bhealach níos fearr. Is de thionscnamh bolcánach é oirdheisceart Styria agus tá na hithreacha bolcánach freisin. Dá bhrí sin, is éard atá i gceist leis an athrú ainm na dálaí nádúrtha a léiriú ar bhealach níos fearr agus iad a dhéanamh níos soiléire agus a fhágáil gur fearr a thuigfidh tomhaltóirí iad.

Déanann an leasú sin difear do litir (a) sa tsonraíocht táirge agus do Roinn 1 den doiciméad aonair.

3.2. *Uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir*

Ba é 9 000 kg an uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir roimh bhuaint 2020 agus is 10 000 kg í ó shin i leith. Comhfhreagraíonn an leasú sin d'athrú ginearálta ar an uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir san Ostair.

Déanann an leasú sin difear do litir (e) sa tsonraíocht táirge agus do Roinn 5 den doiciméad aonair.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.4.2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

3.3. *Cineálacha fíniúna*

I gcomhthéacs an athraithe ainm, rinneadh na ceanglais maidir le cineálacha fíniúna níos déine. Bhí cead na cineálacha fíniúna uile atá údaraithe san Ostair chun *Qualitätswein* (fíon ar ardchaighdeán) a tháirgeadh a úsáid le haghaidh ATFC 'Süd-OstSteiermark' gan srian. Le bunú ATFC 'Vulkanland Steiermark', tá liosta na gcineálacha fíniúna féideartha teoranta dóibh siúd is gnách don limistéar bunáitíochta (Welschriesling, Weißburgunder, Morillon, Grauburgunder, Riesling, Gelber Muskateller, Sauvignon Blanc, Traminer, agus cumaisc díobh).

Déanann an leasú sin difear do litir (f) sa tsonraíocht táirge agus do Roinn 7 den doiciméad aonair.

3.4. *Lipéadú*

Chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi shaintréith shonrach na bhfíonta ar a bhfuil ATFC nua 'Vulkanland Steiermark', ní mór an t-ainmniúchán traidisiúnta 'DAC' nó 'Districtus Austriae Controllatus' a bheith le feiceáil ar na fíonta uile.

Déanann an leasú sin difear do litir (h) den tsonraíocht táirge agus do Roinn 9 den doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Vulkanland Steiermark

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

'Vulkanland Steiermark' ATFC

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ní tháirgtear i limistéar ATFC 'Vulkanland Steiermark' ach fíonta geala a thagann ó na cineálacha fíniúna Welschriesling, Weißburgunder, Morillon, Grauburgunder, Riesling, Gelber Muskateller, Sauvignon Blanc, Traminer agus cumaisc díobh.

Dath: Geal agus glé, bíonn dath na bhfíonta sa raon idir dath buí éadrom na tuí agus dath buí glas.

Dea-bholadh: Saintréith de chuid fíonta a tháirgtear ó na cineálacha Burgunder is ea, go háirithe, dea-bholaithe luibheanna agus spíosraí (basal, clóbh, miontas, noitmig). Bíonn dea-bholadh mianrach ar leith ar na fíonta freisin, is é sin boladh cloiche taise.

Blas: Blasanna aigéadacha is mó atá sa phróifíl bhlais: úll buí, cainche, agus ruainnín citris san iarbhlas.

Aon pharaiméadar anailíseach nach dtaispeántar sa tábla thíos, comhlíonann sé na teorainneacha a leagtar síos sa reachtaíocht náisiúnta agus i reachtaíocht an Aontais.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte)	15,0
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte)	9,0
Aigéadacht iomlán íosta	4,0 ghram in aghaidh an lítir, a shloinntear mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	18
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir)	200

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

a. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

-

b. *Uastáirgeacht*

'Vulkanland Steiermark' ATFC

10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Cumhdaítear le hainmniúchán tionscnaimh 'Vulkanland Steiermark' ceantair pholaitiúla Süd-Oststeiermark, Hartberg/Fürstenfeld agus Weiz agus na bardais i gceantar Leibnitz atá suite ar bhruach clé an Mur (Strass in Steiermark, St. Veit in der Südsteiermark, Allerheiligen bei Wildon, St. Georgen an der Stiefing, Gabersdorf, Schwarzautal and Heiligenkreuz am Wasen).

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Chardonnay - Morillon

Grauer Burgunder - Pinot Gris

Grauer Burgunder - Ruländer

Muskateller - Gelber Muskateller

Sauvignon Blanc

Traminer - Gelber Traminer

Traminer - Gewürztraminer

Weißer Burgunder - Weißburgunder

Weißer Riesling - Riesling

Welschriesling

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

'Vulkanland Steiermark' ATFC

Aeráid: Saintréith de limistéar fíonsaothrúcháin ATFC 'Vulkanland Steiermark' is ea an t-aistriú ón aeráid the thirim Panónach chuig an aeráid bhogthais Illiriach den chineál na Meánmhara, le difríocht shuntasach sa teocht idir na laethanta teo agus na hoícheanta fionnuara.

Ithir: Ithreacha bolcánacha, ithreacha basailt agus ithreacha dúrabhánacha troma gainmheacha is mó atá i limistéar fíonsaothrúcháin ATFC 'Vulkanland Steiermark'.

Achoimre: Is as na dálaí ithreach a thagann dea-bholadh mianrach na bhfíonta (a dtugtar tuairisc air freisin mar dhea-bholadh cloiche taise). Mar gheall ar an difríocht shuntasach sa teocht idir na laethanta teo agus na hoícheanta fionnuara, déantar an glúcós a tháirgtear i rith an lae a chlaochlú san oíche ina shubstaintí lena ngabhann ruainnín aigéadach. Is as sin a thagann an blas tipiciúil mar atá úll buí, cainche agus citris, agus i gcás na gcineálacha Burgunder, ruainníní luibheanna agus spíosraí (e.g. basal, noitmig nó clóbh).

9. **Ceanglais shonracha bhreise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Ceanglas maidir le marcáil

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi shaintréith shonrach na bhfíonta ar a bhfuil ATFC nua 'Vulkanland Steiermark', ní mór an t-ainmniúchán traidisiúnta 'DAC' nó 'Districtus Austriae Controllatus' a bheith le feiceáil ar na fíonta uile.

Fógra maidir le buidéalú lasmuigh den limistéar críochaithe

Creat dlíthiúil:

Reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll breise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Níl feidhm ag aon srian geografach maidir le buidéalú fhíonta ATFC 'Vulkanland Steiermark'. I gcás ina ndéantar fíonta ATFC 'Vulkanland Steiermark' a bhuidéalú lasmuigh den limistéar saothrúcháin, ní mór fógra a thabhairt do Choiste Réigiúnach um Fhíon Styria chun críoch faireacháin.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://info.bml.gv.at/themen/landwirtschaft/landwirtschaft-in-oesterreich/pflanzliche-produktion/wein/Weinherkunft.html